# Baránta teoranta SAMSUNG Portable-SSD
# Le haghaidh Gach Samsung Portable-SSD

Go raibh maith agat as SAMSUNG Portable-Solid State Drive (an "Táirge") a cheannach. Is mór ag SAMSUNG do ghnó agus déanaimid ár ndícheall i gcónaí caighdeán seirbhíse den scoth a chur ar fáil duit. LÉIGH NA TÉARMAÍ AGUS NA COINNÍOLLACHA SEO GO CÚRAMACH SULA nÚSÁIDEANN TÚ AN TÁIRGE A SHOLÁTHRAÍONN SAMSUNG ELECTRONICS CO., LTD. ("SAMSUNG"). ACH AN TÁIRGE SEO A ÚSÁID, AONTAÍONN TÚ LE TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA AN RÁITIS BARÁNTA TEORANTA SAMSUNG SSD seo ("COMHAONTÚ").

## *A. Polasaí Baránta*

Barántaíonn SAMSUNG do cheannaitheoir an Táirge seo sa bhunphacáistíocht shéalaithe ("Tusa") go bhfuil an Táirge saor ó aon fhabht ina ábhar nó ina shaoirseacht, faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear leis seo, AR FEADH THRÉIMHSE AN BHARÁNTA THEORANTA, A SHONRAÍTEAR I gCUID B DEN CHOMHAONTÚ, A THOSAÍONN AN DÁTA A CEANNAÍODH AN TÁIRGE SA BHUNPHACÁISTÍOCHT SHÉALAITHE.

Mura bhfuil aon chruthúnas bailí den dáta ceannaigh ar fáil, is amhlaidh a mheasfar tréimhse an bharánta de réir an dáta déantúsaíochta.

Más amhlaidh go n-aithníonn SAMSUNG, faoina lánrogha féin, go bhfuil fabhtanna san ábhar nó saoirseacht agus nach bhfuil sé ag teacht go substaintiúil leis na sonraíochtaí foilsithe le haghaidh gnáthúsáide, fad is Tusa úinéir an Táirge agus le linn na tréimhse baránta teoranta, agus faoi réir na gcoinníollacha agus na n-eisceachtaí a shonraítear sa Chomhaontú, déanfaidh SAMSUNG faoina rogha féin: (1) an Táirge a dheisiú nó Táirge eile nua nó athchóirithe d'acmhainn agus feidhmiúlacht níos mó nó cothrom leis a chur ina ionad; nó (2) luach reatha margaidh an Táirge a aisíoc faoin am a dhéantar an t-éileamh baránta le SAMSUNG más amhlaidh nach féidir le SAMSUNG an táirge a dheisiú ná a athchur. I gcás athchur, féadfaidh SAMSUNG Táirge eile a úsáideadh cheana, a deisíodh agus a cuireadh faoi scrúdú chun sonraíochtaí SAMSUNG a chomhlíonadh a chur in ionad Do Tháirge. Is amhlaidh a chuirfear i bhfeidhm an tréimhse baránta i gcás táirgí deisithe agus athchurtha ar feadh na buntréimhse baránta nó nócha (90) lá, cibé acu is faide. Ní sheolfar ar ais chugat an Táirge a sheolann tú chugainn chun Táirge eile a fháil ina áit. Seolfar Do Tháirge ar ais Chugatsa ámh i gcás NTF (Níor Aimsíodh Fabht) trí fháthmheas. Ba chóir duit sonraí tábhachtacha a chóipeáil le cúltaca i gcónaí. Is Chugatsa amháin a sholáthraítear an baránta seo, agus ní baránta inaistrithe é.

## *B. Coinníoll an Bharánta Theoranta (Tréimhse)*

| Táirge | Toilleadh | Polasaí Baránta an Táirge (Tréimhse) |
|---|---|---|
| Portable SSD T1 | 250GB/500GB/1TB | 3 bliana |
| Portable SSD T3 | 250GB/500GB/1TB/2TB | 3 bliana |

SAMSUNG

| | | |
|---|---|---|
| Portable SSD T5 | 250GB/500GB/1TB/2TB | 3 bliana |
| Portable SSD X5 | 500GB/1TB/2TB | 3 bliana |
| Portable SSD T7 Touch | 500GB/1TB/2TB | 3 bliana |
| Portable SSD T7 | 500GB/1TB/2TB | 3 bliana |

## *C. Raon Feidhme an Bharánta Theoranta*

NÍ BHEIDH feidhm leis an mbaránta a shloinntear anseo más amhlaidh: (i) nár baineadh leas as an Táirge i gcomhréir le treoracha ar bith (http://www.samsung.com/ssd), (ii) nár baineadh leas as an Táirge don fheidhm agus don timpeallacht a bhí ceaptha dó, (iii) gur tharla aon chliseadh nó fabht de bharr táirge, bogearraí ná comhchuid le tríú páirtí bheith i láthair, bídís údaraithe nó ná bídís, (iv) gur tharla aon chliseadh ná aon fhabht mar thoradh ar shuiteáil mhíchuí nó tástáil mhíchuí, mí-úsáid, faillí, deisiú neamhúdaraithe, athrú nó timpiste, nó cúiseanna eile seachtracha agus (v) gurb ann d'aon imthosca eile a mheasann SAMSUNG a bheith ina bhfianaise gur sháraigh Tusa an Comhaontú seo. Aithníonn tú agus aontaíonn tú nár ceapadh an Táirge agus nach n-úsáidfear an táirge chun na críocha seo a leanas, córais tacaíochta beatha, cúram criticiúil, trealamh míochaine nó sábháilteachta, nó feidhmeanna comhchosúla, mar a bhféadfaí beatha a chailliúint nó díobháil cholanda teacht mar thoradh ar chliseadh táirge, nó i bhfeidhm mhíleata nó cosanta ar bith, nó i soláthar poiblí ar bith lena mbainfeadh téarmaí nó forálacha speisialta, gan a bheith teoranta do na nithe sin. Dá réir sin, séanann SAMSUNG aon dliteanas agus gach dliteanas i dtaca le, nó mar thoradh ar, nó a bhaineann le haon úsáid den Táirge agus glacann tú freagracht as gach riosca a eascraíonn as aon fheidhm dá leithéid nó aon fheidhm chomhchosúil a bhaintear as an Táirge.

NÍ chumhdaíonn baránta SAMSUNG aon chostas ná speansais a bhaineann le hathchóiriú/cóimeáil an Táirge agus aisghabháil sonraí le haghaidh deisiúchán nó athchur. Agus NÍ chumhdaíonn baránta SAMSUNG Táirgí, cuir i gcás go bhfuarthas iad i bpacáistíocht mhíchuí, má tá athrú déanta orthu, nó má tá díobháil fhisiciúil déanta dóibh. Déanfar scrúdú ar tháirgí nuair a fhaightear iad. Féadann tú breathnú ar liosta de na nithe nach gcumhdaítear faoin mbaránta, nach liosta uileghabhálach é, thíos:

- Pacáistíocht mhíchuí nó seoladh míchuí, lena n-áirítear soitheach seolta neamhcháilithe;
- Aon athrú, mionathrú, nó damáiste fisiciúil don Táirge, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do, scríoblínte doimhne;
- Lipéid nó barrachóid SAMSUNG a athrú, a mhionathrú nó a bhaint den Táirge;
- Pacáil an Táirge a bheith oscailte;
- Sraithuimhir in easnamh nó curtha as a riocht d'aon toil.

## *D. Teorainneacha leis an mBaránta agus Teorainneacha maidir le Dliteanas*

SAMSUNG

ACH AMHÁIN I gCÁS NA mBARÁNTAÍ A SHLOINNTEAR LEIS SEO, SÉANANN SAMSUNG GACH BARÁNTA SAINRÁITE AGUS INTUIGTHE, LENA nÁIRÍTEAR ACH GAN A BHEITH TEORANTA D'AON BHARÁNTA MAIDIR LE hINDÍOLTACHT, OIRIÚNACHT D'FHEIDHM ÁIRITHE, NEAMHSHÁRÚ, AGUS IOMPAR AGUS GNÁTHCHLEACHTADH. IS AMHLAIDH GO BHFUIL TRÉIMHSE GACH BARÁNTA SAINRÁITE AGUS INTUIGTHE TEORANTA DO THRÉIMHSE AN BHARÁNTA THEORANTA. IS AMHLAIDH A SHONRAÍTEAR DLITEANAS IOMLÁN SAMSUNG SA CHOMHAONTÚ SEO AGUS GURB É SEO AN tAON RÉITEACH ATÁ AR FÁIL DUIT I gCÁS SHÁRÚ AN CHOMHAONTAITHE. IS AMHLAIDH NACH mBEIDH SAMSUNG, A CHUID SOLÁTHRAITHE, NÁ AON CLEAMHNAÍ LEIS FREAGRACH AS AON DAMÁISTE INDÍREACH, IARMHARTACH, TEAGMHASACH NÓ SPEISIALTA, AON CHAILLTEANAS AIRGEADAIS NÓ AON SONRAÍ NÓ COMHAID CHAILLTE, FIÚ MÁS AMHLAIDH GUR CUIREADH IN IÚL DO SAMSUNG GO BHFÉADFADH AN DAMÁISTE SIN TARLÚ AGUS D'AINNEOIN GUR THEIP AR AON RÉITEACH TEORANTA A SHAINCHUSPÓIR A CHOMHLÍONADH. IS AMHLAIDH NACH MÓ DLITEANAS SAMSUNG NÁ AN MÉID A D'ÍOC TÚ AS AN TÁIRGE. IS AMHLAIDH GO BHFUIL FEIDHM AG NA TEORAINNEACHA AGUS NA hEISIATACHTAÍ SEO SA MHÉID IS MÓ AGUS A CHEADAÍTEAR FAOIN DLÍ IS INFHEIDHME.

## *E. Dlí agus Dlínse*

Rialófar agus forléireofar an Comhaontú seo de réir dhlíthe Phoblacht na Cóiré (ach forálacha coinbhleachta dlí a d'fhéadfadh dlíthe dlínse eile a threorú á gcur as an áireamh). Déanfar gach díospóid, conspóid agus éileamh idir na páirtithe a eascraíonn as nó i dtaca leis an gComhaontú (lena n-áirítear eiseadh, bailíocht nó foirceannadh) a réiteach trí eadráin i Súl, an Chóiré, trí mheán an Bhéarla agus faoi na Rialacha maidir le hEadráin de chuid an Chomhlachais Trádála Idirnáisiúnta. Ní bheidh dul thar bhreith na dámhachtana eadrána agus beidh ar na páirtithe géilleadh don dámhachtain sin. Seachas sa mhéid go bhféadfadh nochtadh a bheith riachtanach chun an breithiúnas a chlárú agus a chur chun feidhme, coimeádfar gach ní a bhaineann leis an eadráin, an dámhachtain san áireamh, faoi rún.

Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar http://www.samsung.com/ssd and http://www.samsung.com/support.

| Réigiún nó Tír | Ainm an Ionaid Seirbhíse | Seoladh | Fón |
|---|---|---|---|
| 한국 (Korea) | 시머스 (주) | 수원점: 경기도 수원시 영통구 중부대로 448번길 97 삼성테크노 112호<br>용산점: 서울시 용산구 청파로 20길 34 선인상가 21동 3층 211호 | 삼성전자: 1588-3366<br>시머스: 070-8250-2646 |
| America | Total Tech Solutions, Inc. | 49 Commerce Road, Carlstadt, NJ 07072 | 1-800-SAMSUNG<br>(1-800-726-7864) |
| E.U. (Europe) | Hanaro Europe BV | Florijn 8, 5751 PC Deurne, The Netherlands | DE: 06196 77 555 77<br>UK: 0330-SAMSUNG (726-7864)<br>NL: 088-9090-100<br>BE: 022 01 24 18<br>CH: 0800-SAMSUNG (726-7864)<br>AT: 0800-SAMSUNG (726-7864)<br>For other countries : 00800-8010-8011 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 中国（China) | 碧真（北京）数码技术有限公司 | 北京市顺义临空经济核心区裕华路 28号综合楼 A202室 | 三星客服：400-810-5858<br>SSD客服：400-652-8008 |
| Australia | Samsung Electronics Australia | 3 Murray Rose Avenue, Sydney Olympic Park NSW 2127 | 1300-362-603 |